CAIBIDEAL 9 TURASÓIREACHT

9.1 CÚLRA

Tá an turasóireacht an-tábhachtach i gcónaí do gheilleagar Dhún na nGall. Idir an tírdhreach iontach, os cionn 400km de chósta agus an cultúr sainiúil, seasann sé amach mar cheann scríbe turasóireachta.

Tá turasóireacht leagtha síos sa *Straitéis*, an Plean Forbartha Stráitéiseach, Sóisialta agus Eacnamaíochta don Chontae, mar eocharearnáil don Chontae.

Tá cur chuige ghníomhach a ghlacadh ag an Chomhairle i leith na Turasóireachta sa Chontae le blianta beaga anuas. Tá tacaíocht á tabhairt go díreach agus go hindíreach d'fhorbairt táirgí agus do mhargaíocht turasóireachta. Déanann an Stiúrthóireacht Pobail, Cultúir agus Fiontar comheagrú ar thograí agus imeachtaí sa dóigh go mbeifear i ndán an Chontae a fhorbairt mar cheann scríbe turasóireachta. Déantar comhordú ar thuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla a bhfuil baint acu leis an turasóireacht faoi Fhóram Turasóireachta an Bhord Forbartha Contae. Tá an Chomhairle ina páirtnéir thábhachtach de Thurasóireacht Dhún na nGall Teo., fiontar comhpháirteach atá faoi choimirce an Bhord Forbartha Contae, ar mhaithe le cuidiú agus comhordú a dhéanamh ar mhargaíocht an Chontae.

Treochtaí Athraitheacha

Taispeánann tuairiscí go bhfuil míchothromaíocht réigiúnach ar fud an Chontae. Tá mórán turasóirí ag teacht isteach sa tír fríd Bhaile Átha Cliath agus ag fanacht i réigiún an Oirthir nó ag dul go hIardheisceart na tíre. Meastar nach dtugann ach 6% de thurasóirí go hÉirinn cuairt ar an Iarthuaisceart agus idir 1998-2003 thit líon na gcuairteoirí go dtí an Chontae thart fá 30%. Tá sé ríthábhachtach don Chontae turasóirí a mhealladh go dtí an Iarthuaisceart agus a chinntiú, de thairbhe bealaí rochtana, cumarsáide agus pointí fócasacha a chur ar fáil, nach mbeidh deacracht ar bith acu bogadh thart ó cheantar go ceantar.

Feictear go mbeidh ról lárnach leanúnach ag an Turasóireacht i ngeilleagar Dhún na nGall, ó thaobh cruthú ioncaim agus fostaíochta araon. Aithníonn an Chomhairle é seo agus ar an tséala sin, beidh sí ag obair i gcomhar le comhlachtaí leasmhara chun an Chontae a chur chun tosaigh ar bhealaí inmharthana ráthúla. Tuigeann an Chomhairle fosta go bhfuil mórán constaicí inár mbealach ó thaobh na turasóireachta dhe agus tá sé mar aidhm aici comhoibriú lena mhacasamhail de chomhlachtaí leasmhara chun an lámh in uachtar a fháil ar shaincheisteanna ar bith a d'fhéadfadh nochtadh agus a mbeadh tionchar diúltach acu nó a chuirfeadh bac leis an turasóireacht sa Chontae amach anseo.

CUSPÓIR

Tacú le forbairt turasóireachta inmharthana mar chuid thábhachtach de straitéis forbraíochta eacnamaíochta ag leibhéal Contae agus ag leibhéal áitiúil.

AIDHMEANNA

- Bainistiú, caomhnú, cur chun cinn agus feabhsú a dhéanamh ar ár n-oidhreacht nádúrtha, tógtha agus oidhreachta atá mar acmhainn lárnach don tionscal.

- Íomhá timpeallachta den chéad scoth a fhorbairt don Chontae.
- Tacú le forbairt táirge atá bunaithe ar phacáistí turasóireachta taobh istigh den Chontae
- Láidriú a dhéanamh ar cheantair aitheanta turasóireachta, trí dhul i gcomhairle le gníomhaireachtaí eile, agus iomlán na n-áiseanna cúntacha atá riachtanach do cheann scríbe turasóireachta den scoth, a chur ar fáil.
- Tacú le forbairt i gceantair a bhfuil féidearthachtaí maithe turasóireachta acu, rud a chruthóidh geilleagar inbhuanaithe turasóireachta don Chontae agus don Réigiúin.
- An bealach a réiteach agus bainistíocht a dhéanamh ar bhonneagar d'ardcháilíocht sa Chontae ó thaobh bóithre, comharthaí, leathanbhanda, iompar agus cóiríocht lóistín.
- Tacú leis na hinstitiúidí oideachais a chuidíonn le forbairt na turasóireachta sa Chontae.

9.2 FORBAIRT TÁIRGE

Sa dóigh go bhfásfaidh agus go leathnóidh an táirge turasóireachta atá ann faoi láthair, le cois bainistíocht inbhuaine ar mhaoin sainiúil an Chontae, tá sé beartaithe díriú isteach ar rannóga áirithe le haghaidh forbartha. Is mian leis an Chomhairle oibriú i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí leasmhara ar mhaithe le creatlacha a leagan síos fá choinne forbairt a dhéanamh ar tháirgí nideoige turasóireachta. Déanfar liosta de thograí speisialta i bpáirtnéireacht leis na Comhaltaí Tofa, comhlachtaí leasmhara agus gníomhaireachtaí stáit. Is mian leis an Chomhairle tacú le réimse de ghníomhaíochtaí éagsúla chun turasóirí a mhealladh go dtí an Chontae chomh maith le caitheamh aimsire a chur ar fáil don phobal áitiúil.

Tá mórán imeachtaí tarraingteacha ar fáil i nDún na nGall, ina measc Féilte agus Imeachtaí, Spórt Farraige, Siúl na gCnoc, Oileáin, Páirceanna Oidhreachta, Caisleáin, Mainistreacha, Foraoiseacha, Páirceanna Náisiúnta, Imeachtaí Marcaíochta, Iascaireacht, Gailf, Siúl, Gníomhaíochtaí Cultúrtha, Imeachtaí Éiceathurasóireachta, Rásaí Carranna, Snámh, Scimeáil Toinne agus Tumadóireacht agus go leor eile.

Mar gheall ar an tírdhreach shainiúil agus na radharcanna nádúrtha atá ag Dún na nGall, tá sé i gceist, i gcomhpháirtíocht leis na Comhaltaí Tofa, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí leasmhara, liosta de thograí ar leith le haghaidh forbairt a chur le chéile.

Diomaite den chur chuige comhpháirtíochta seo, breithneoidh an Chomhairle ar fhorbairt thionscadail acmhainní turasóireachta sa Chontae (lasmuigh agus laistigh de phointí rialúcháin) seachas cóiríocht aonair ina bhfuil an táirge turasóireachta agus leas as an acmhainn lárnach don tionscadal. Caithfidh aon ghné lóistín a bheith coimhdeach don thionscadal acmhainní turasóireachta foriomlán sa dóigh gurb é an táirge an phríomhghné. Lena chois sin, caithfidh an togra forbraíochta cloí leis na gnáth choinníollacha do bhainistiú forbraíochta, ina n-áirítear láithreánú, suíomh agus dearadh.

9.3 POLASAITHE AGUS MOLTAÍ

Díreoidh an Chomhairle isteach ar fhorbairt táirge turasóireachta atá bunaithe ar thimpeallacht chultúrtha, nádúrtha agus tógtha. Tá sé i gceist fosta oibriú i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí leasmhara sa tionscal ar mhaithe le heolas a scaipeadh

agus creatlach a chur le chéile do thionscadail forbartha trína gcruthófar táirgí láidre so-aitheanta agus a chuirfeas ar chumas chomhlachtaí leasmhara táirgí ar leith a fhorbairt ina gceantar féin. Áirítear iad seo a leanas i measc na bpríomhtháirgí a ndéanfar forbairt orthu:

- Caitheamh Aimsire Farraige
- Slite Siúlóide
- Tograí Iascaireachta
- Tionscadail Eiseamláracha
- Féilte agus Imeachtaí Chultúrtha
- Áiseanna uile-aimsire
- Forbairt Oileánda
- Oidhreacht/ Cultúir
- Bealaí Turasóireachta chomh maith le féidearthachta úra dá leithéid m.sh. Na Cruacha-An tÉadan Anfach
- Áiseanna agus Imeachtaí Spóirt.

POLASAÍ TOU 1:
Is é polasaí na Comhairle ná Pleananna Gníomhaíochta d'Fhorbairt Táirgí a bhunú do thograí úra ar fud fad an Chontae. Meastar go ndéanfar é seo tré:

(1) Obair i gComhpháirtíocht le Comhaltaí Tofa, comhlachtaí leasmhara, gníomhaireachtaí stáit agus daoine áitiúla ar mhaithe le gearrliosta tosaíochta do thionscadail a dhréachtú agus a chuirfeas an Chomhairle ar bun agus ar a ndéanfar athbhreithniú go rialta sa dóigh go mbeidh tuiscint dheimhneach ar threo forbairt táirgí sa Chontae.

(2) Glacadh le chur chuige an Eiseamlair Dea-Chleachtais sa dóigh go rachaidh buntáistí na dtionscadal go léir chun an tairbhe is mó do na daoine atá a n-úsáid agus don timpeallacht, agus trí athbhreithniú rialta a dhéanamh ar na tionscadail, déanfar cinnte go bhfuil siad ag freastal ar an mhargadh is leithne agus is féidir.

(3) Forbairt a dhéanamh ar mhórchuid bealaí siúil ar fud an Chontae, i rith agus níos faide ná tréimhse an phlean, ag tógáil ar lámh Bealach na Gaeltachta, Bealach na gCruach Gorm, Bealach Uladh (an pháirt atá i nDún na nGall) agus Slí na Sláinte agus cinn eile i gcomhairle leis na heagraíochtaí agus grúpaí atá ina mbun. Beidh na bealaí seo mar áiseanna áitiúla chomh maith.

POLASAÍ TOU 2:
Is é polasaí na Comhairle ná socrú fadtéarmach a dhéanamh i dtaca le bealaí isteach chuig na hoileáin cósta tré sholáthar poirt ag a mbeidh foscadh, seirbhísí farantóireachta agus aerstráicí chomh maith le bóithre, uisce, séarachas, bainistíocht dramhaíle agus córas teileachumarsáide sa dóigh go dtig leis na hoileánaigh táirge turasóireachta inmharthana a chruthú agus a chothabháil.

9.4 IOMPAR, CUMARSÁID AGUS ROCHTAIN

Is í an ghné is tábhachtaí ó thaobh Forbairt Turasóireachta sa Chontae ná bealach isteach chuig, ón, agus thart fríd an Chontae. Tá soláthar sásúil de chóras iompair, comharthaíocht agus áiseanna a bhfuil baint acu le turasóireacht ina ceist mhór do

chuairteoirí go dtí an Chontae. Tá siad seo á bplé go mion i gCórais Iompair agus Cumarsáide, Caibidil 3.

(1) Bóithre

Tugtar tús áite do bhóithre i gCórais Iompair Dhún na nGall. Bealach sábháilte chun taisteal thart ar an Chontae a bheith curtha ar fáil an phríomhcheist i leith gréasán bóithre. Tugann an Chomhairle aitheantas don ghá atá ann le huasghrádú agus cothabháil a dhéanamh ar go leor, leor bóithre áitiúla agus réigiúnacha chomh maith le bail mhaith a choinneáil ar bhóithre náisiúnta.

(2) Aerfort

Tá dhá aerfort ag freastal ar Dhún na nGall, ag ofráil seirbhísí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta: Aerphort Dhoire ag freastal ar Oirthear agus Tuaisceart an Chontae agus Aerphort Dhún na nGall ag Carraig Fhinne ag freastal ar Iarthar an Chontae. Tá a dtábhacht i ndáil le taisteal intíre agus chuig an Bhreatain/an Eoraip aitheanta go rímhaith. Lena chois sin, tá Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Aerphort Bhéal Feirste, fíorthábhachtach mar thacaíocht d'Fhorbairt Eacnamaíochta an Chontae, i gcomhthéacs Idirnáisiúnta agus Trasatlantach, turasóireacht san áireamh. Tá sé aitheanta ag an Chontae go bhfuil gá le ceangail chuig agus ó na haerfoirt go léir a bhisiú, ceangail réigiúnacha agus trasteorann san áireamh.

(3) Bealaí Farraige

Tháinig forbairt iontach gasta ar bhealaí farraige i nDún na nGall le cúig bliana. Sheol an Chomhairle agus Comhairle Baile Léim an Mhadaidh seirbhís farantóireachta do charranna idir An Caisleán Nua agus Aird Mhic Giollagáin sa bhliain 2001. Tá suim mhór ann agus i 2004 osclaíodh nasc úr idir Bun Crannchа agus Ráth Maoláin, atá ag déanamh go maith. Is é Droichead na Maoile Ruaidhe, a dhéanfas ceangal idir Fánaid agus Ros Goill, an nasc deiridh leis na leithinsí a cheangail le chéile.

(4) Margadh na mbádaí cúrsála

Cuireann an fhorbairt ollmhór a rinneadh ar phort na gCealla Beaga deis iontach ar fáil do thurasóireacht san Iarthuaisceart. Cuireann an port ar chumas na mbádaí cúrsála fanacht sna Cealla thar oíche. Tá an Caisleán Nua a chur seo ar aghaidh le roinnt blianta. Tugann an Chomhairle aitheantas don deis iontach atá ag na Cealla Beaga agus ag an Caisleán Nua margadh speisialta a bhunú a choinneódh Láthair Báid Cúrsála ag obair go séasúrach.

(5) Bóthar Iarainn

Is í straitéis fhadtéarmach na Comhairle ná gréasán iarnróid a bhunú sa Chontae. I láthair na huaire, tugann an Chomhairle tacaíocht do chothabhál agus uasghrádú an bhóthair iarainn idir Béal Feirste agus Doire agus an athfhorbairt ar an Phasáiste Ráille san Iarthar fríd Chonnacht go Cúige Mumhan.

(6) Cumarsáid

Tá an fáil ar bhonneagar d'ardleibhéal cumarsáide agus faisnéise tábhachtach le haghaidh forbairt eacnamaíochta. Tá turasóireacht tábhachtach do gheilleagar an Chontae agus mar sin de, tá córas cumarsáide nua-aimseartha ríthábhachtach. Tá tús curtha ag an Chomhairle ar an leathanbhanda a chur ar fáil i ngach cearn den Chontae. Tá polasaithe agus moltaí i leith Teileachumarsáide i gCaibidil 3, Iompar agus Cumarsáid, agus baineann siad leis seo chomh maith.

CUSPÓIR

A chinntiú go bhfuil córas iompair agus cumarsáide curtha ar fáil thart ar an Chontae.

POLASAÍ TOU 3:
Is é polasaí an Chontae:

(1) Gréasán iompair d'ardchaighdeán a chur ar fáil agus a choinneáil agus an bonneagar mar soilse, comharthaíocht, láithreacha picnic, áiteanna páirceála ar thaobh an bhóthair agus áiseanna riachtanacha eile a sholáthar.

(2) Comhoibriú le comhlachtaí leasmhara ar mhaithe le réiteach a fháil ar shaincheisteanna a nochtann i gceantair ar leith, leithéidí taisteal tuaithe, rochtain ar na hoileáin, láithreacha páirceála do charranna agus carabháin agus áiseanna cúntacha eile.

(3) Tacú le forbairt an mhargaidh do bhádaí cúrsála sna Cealla Beaga tré áiseanna a chur ar fáil a chuideoidh le forbairt turasóireachta inmharthana sa cheantar.

(4) Tacú le forbairt ar thionscnaimh chórais iompair a dhéanfas taisteal thart ar an Chontae níos éasca agus tacú le forbairtí ar thionscnaimh rochtana farraige agus tógáil Droichead na Maoile Ruaidhe.

(5) Tacú le hAerfort Dhún na nGall ag Carraig Fhinne agus Aerfort Dhoire mar gheall ar an ról tábhachtach atá acu beirt i bhforbairt an Chontae.

(6) Tacú agus cuidiú le forbairt mhiondíolaíochta san earnáil turasóireachta. (Féach Aguisín D, Stráitéis Mhiondíola Chontae Dhún na nGall 2006-2012).

9.5 BAINISTÍOCHT AGUS CAOMHNÚ

Is áit é Dún na nGall ina bhfuil áilneacht nádúrtha gan sárú, le cósta garbh, sléibhte, cnoic agus gnáthóga nádúrtha gan mhilleadh d'fhásra agus ainmhithe. Nuair atáimid ag mealladh cuairteoirí le sult a bhaint as an Chontae, caithfidh muid bheith cúramach agus an timpeallacht a chosaint, timpeallacht atá gan mhilleadh ar feadh na cianta. Tá mioneolas faoi pholasaithe caomhnaithe le fáil i gCaibidil 8, An Timpeallacht Nadúrtha agus Tógtha.

Tosnaíodh Tionscnamh Píolótach do Bhainistíocht Trá i Ros Neamhlach sa bhliain 2003 agus meastar go leanfar leis an togra ar thránna eile atá faoi bhrú ag fórsaí daonna agus nádúrtha. Baineann an tionscadal seo le ceisteanna mar creimeadh cósta agus le himeachtaí caithimh aimsire agus an bealach is fearr le déileáil le spórt agus caomhnú na dtránna.

Ar fud chósta Dhún na nGall san am i láthair, tá 11 trá a bhfuil brat gorm bainte amach acu:

1. Cúil Dabhcha
2. Carraig Fhinne
3. An tSrúibh
4. Lios Feannáin
5. Cnoc an Mharmair
6. Port an tSalainn
7. Fionntrá
8. An Fhearthainn/Port Nua
9. Muirbhá
10. Ros Neamhlach
11. Bun Dobhráin

Trá ar bith ar bronnadh an stádas 'Brat Gorm' uirthi, is ionann sin is cruthú go bhfuil an t-uisce snámha den chaighdeán is fearr, go bhfuil an chomharsanacht glan, go n-amharctar i ndiaidh na leithris agus go bhfuil eolas fá nithe timpeallachta ar fáil dóibh sin a úsáideann an trá. Lena chois sin, déantar monatóireacht ar an uisce go rialta le déanamh cinnte nach bhfuil baictéir ar bith ann. Má bhíonn forbairtí i gceist a dhéanfadh damáiste do stádas an Bhrait Ghoirm, coinneoidh an Chomhairle súil chúramach orthu sa dóigh go gcosnófar an stádas agus cuartóidh an Chomhairle tuilleadh tránna do Bhrat Ghorm sa Chontae.

Láithreáin Chaomhnaithe
Tá an oiread sin meascán de láithreáin, agus imeachtaí a bhaineann leo, suite sa tírdhreach álainn agus sna ceantair oidhreachta i nDún na nGall go gcaithfidh an Chomhairle cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh in áit polasaí aonfhoirme a bheith ann agus criosanna shimplí talamhúsáide. Is mian leis an Chomhairle gach tírdhreach a chaomhnú, go háirithe iad siúd atá sonraithe mar Limistéir faoi Chosaint Speisialta (LCS/*SPA*), Limistéir Speisialta Caomhantais (LSC/*SAC*), Limistéir Oidhreachta Náisiúnta (LON/*NHA*) agus Limistéir Conláiste Ardscéimhe (LCA/*EHSA*). Tá na polasaithe ina leith seo i gCaibidil 8, Oidhreacht Nádúrtha agus Tógtha.

CUSPÓIR
Is mian leis an Chomhairle an timpeallacht a chosaint agus a chaomhnú ach ag an am chéanna cothromaíocht a chruthú chun ligean d'fhorbairt inmharthana dul chun cinn agus chun sult a bhaint as ár n-acmhainní nádúrtha.

POLASAÍ TOU 4:
Is é polasaí na Comhairle:

(1) Tionscadail Bainistíochta Trá a eagrú do thránna eile sa Chontae.

(2) An uimhir tránna le Brat Gorm a ardú ar fud an Chontae.

(3) Oibriú i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara ar mhaithe le húsáid inmharthana a bhaint as tírghnéithe le freastal ar riachtanais an am i láthair gan cur isteach ar cháilíocht an tírdhreacha.

9.6 INSTITIÚIDÍ OIDEACHAIS

Aithníonn an Chomhairle ról institiúidí tríú leibhéal agus a n-obair d'fhorbairt na turasóireachta i dtraenáil, oideachas agus taighde. Is iad sin Coláiste Turasóireachta na gCealla Beaga, Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceannain, An Coláiste Náisiúnta Iascaireachta sa Chaisleán Nua, Tuath (Ionad Dhún na nGall do Oideachas Fadsaoil) agus mórán Tionscnamh Oideachais Pobail, a thugann tacaíocht d'earnáil na turasóireachta atá ag fás léi i dtólamh.